

RANG 1: AN CHOPAIL 'IS'

1.1 Mise agus an chopail

Léigh na ráitis 1–5 maidir leis an gcopail 'is'. An bhfuil an ráiteas fíor nó bréagach i do chás féin?

1. Bíim in amhras go minic faoin mbealach ceart leis an gcopail a úsáid.

Fíor Bréagach

2. Ní bhím cinnte conas ceist a fhreagairt – le 'is ea/ní hea' nó le 'is é/ní hé'.

Fíor Bréagach

3. Ní thiocfadh liom an difear idir na habairtí seo a mhíniú: 'Is léachtóir Fraincise í' agus 'Is í an léachtóir Fraincise í.'

Fíor Bréagach

4. Ní bhíonn a fhios agam cé acu 'gur' nó 'gurb' nó 'gurbh' ba cheart a bheith ann.

Fíor Bréagach

5. Tá nós agam gan an chopail a úsáid ach gach abairt a thosú le 'tá' nó 'níl'.

Fíor Bréagach

Cuideoidh na nótaí agus na cleachtaí seo leat máistreacht a bhaint amach ar an gcopail. Tá roinnt téarmaí gramadaí atá lárnach san obair: **ainmní**, **faisnéis**, **abairt aicme** agus **abairt ionannais**. Cuirfimid eolas orthu sin de réir a chéile, le míniú agus le neart samplaí.

1.2 An abairt aicme

Is ionann 'abairt aicme' agus abairt a insíonn cén chatagóir nó cén aicme lena mbaineann duine nó rud. Lena rá go simplí, insíonn an abairt aicme *cén cineál ruda* atá i gceist. Is san aimsir láithreach atá na samplaí seo thíos.

1. Is aisteoir clúiteach í Helen.
2. Ní baile beag ar chor ar bith Cluain Meala.
3. Is cúis díomá é an toradh seo.
4. Is cara maith dom an Príomhoide.
5. Is fear mór bia é fear an tí seo.
6. An Spáinneach í do bhean chéile?
7. Is amadán amach is amach gach duine a chreidfeadh an scéal sin.
8. Nach dream deas scoláirí iad Rang a Ceathair?

Ar thug tú faoi deara go bhfuil an forainm (*é, í, iad*) leis an ainmní i gcuid de na samplaí ach gur fágadh ar lár é i samplaí eile?

- Is fear mór bia **é** fear an tí seo.
- Is cara maith dom an Príomhoide.

Is amhlaidh nach bhfuil an forainm riachtanach i gceann ar bith de na habairtí samplacha thuas. Is féidir é a fhágáil ar lár ar fad, mar shampla *Is aisteoir clúiteach Helen* nó *Is cúis díomá an toradh seo*.

Is minic a fhágtar an focal 'is' ar lár chomh maith:

- (Is) Aisteoir clúiteach í Helen.
- (Is) Cara maith dom an Príomhoide.
- (Is) Fear mór bia fear an tí seo.
- (Is) Amadán amach is amach gach duine a chreidfeadh an scéal sin.

1.3 Bain triail as

Cum abairtí aicme de do chuid féin leis na focail seo thíos, de réir mar atá déanta sa sampla.

Sampla: sráidbhaile beag álainn
Is sráidbhaile beag álainn é an Clochán.

láithreoir teilifíse	scannán uafáis	ainmhí fiáin	tír Eorpach
scríbhneoir ficsein	cluiche foirne	cúis imní	daoine breátha

1.4 Ainmní agus faisnéis

Is ionann **an t-ainmní** agus ábhar na habairte, an duine nó an rud a bhfuil eolas á thabhairt faoi. Is ionann **faisnéis** agus an t-eolas a thugtar maidir leis an ainmní.

Is féidir na habairtí samplacha 1–8 a roinnt idir faisnéis agus ainmní. Féach go mbíonn an faisnéis i dtús na habairte agus go mbíonn an t-ainmní ar deireadh.

Faisnéis	Ainmní
Is aisteoir clúiteach í	Helen.
Ní baile beag ar chor ar bith	Cluain Meala.
Is cúis díomá é	an toradh seo.
Is cara maith dom	an Príomhoide.
Is fear mór bia é	fear an tí seo.
An Spáinneach í	do bhean chéile?
Is amadán amach is amach	gach duine a chreidfeadh an scéal sin.
Nach dream deas scoláirí iad	Rang a Ceathair?

Tabhair faoi deara gur féidir na míreanna taispeántacha 'seo', 'sin' agus 'siúd' a bheith ina n-ainmní chomh maith.

Ní baile beag ar chor ar bith é seo.
Is cúis díomá é sin.
Nach dream deas scoláirí iad siúd?

1.5 Aistrigh leat

Cuir Gaeilge ar na habairtí Béarla 1–8. Tá siad ag teacht leis na habairtí samplacha sa bhosca thuas.

1. Brídín is a traditional musician.
2. Paris isn't a cheap city.
3. This story is an out and out scandal!
4. The manager is a rather difficult person.
5. The captain of the team is a fine footballer.
6. Is your teacher a native speaker?
7. Everything he said is a lie.
8. Isn't Room 9 a small room?

1.6 Míinigh féin é

Tá difríocht mhór idir an fhaisnéis agus an t-ainmní sna samplaí a bhí againn go dtí seo, is é sin go bhfuil an fhaisnéis **éiginnte** fad is atá an t-ainmní **cinnte**.

Faisnéis	Ainmní
Is aisteoir clúiteach í	Helen.
Ní baile beag ar chor ar bith	Cluain Meala.
Is cúis díomá é	an toradh seo.
Is cara maith dom	an Príomhoide.
Is fear mór bia é	fear an tí seo.
An Spáinneach í	do bhean chéile?
Is amadán amach is amach	gach duine a chreidfeadh an scéal sin.
Nach dream deas scoláirí iad	Rang a Ceathair?

Caithfidh tú féin rud beag taighde a dhéanamh anois. Is féidir leat na foinsí seo a úsáid chun teacht ar an eolas:

- [Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí](#): alt 9.19.
- [Gramadach na Gaeilge: an Caighdeán Oifigiúil](#): alt 3.3.1.

Is ainmfhocal cinnte gach focal sa liosta thíos. Scríobh míniú ar an gcúis a bhfuil an focal cinnte. Cén téarma gramadaí a úsáidtear le cur síos ar a leithéid d'fhocal?

Helen/Cluain Meala: _____

na bóithre seo/an Príomhoide: _____

fear an tí seo: _____

do bhean chéile: _____

gach duine: _____

rang a ceathair: _____
